Cumann Staire Chondae Dhún na nGall

Comórtas Scoileanna Chumann Staire Chondae Dhún na nGall 2018

Téama: **Ceangail idir Dhún na nGall agus An Eoraip suas go dtí 1900.**

'Sí 2018 Bliain na hEorpa le hOidhreacht Cultúir. 'Sí an aidhm atá le Bliain na hEorpa le hOidhreacht Cultúir ná spreagadh a thabhairt chun oidhreacht cultúir na hEorpa a roinnt agus a bheith measúil air, a bheith eolach ar ár gcomhstair agus luachanna, agus neartú a dhéanamh ar ár naitheantas sa chomhsheilbh Eorpach.
Roghnaigh Cumann Staire Chondae Dhún na nGall an téama seo do Chomórtas Scoileanna 2018 chun deis a thabhairt daoibh taighde a dhéanamh ar nascanna idir imeachtaí, daoine agus áiteachta i bhur gceantar féin i nDún na nGall agus an Eoraip. In áireamh ins na nascanna a d'fhéadfá taighde a dhéanamh orthu, bheadh pearsain stairiúla ó Dhún na nGall a chuaigh chun na hEorpa ; eachtraí stairiúla ; an timpeallacht foirgnithe ; modhanna beatha traidisiúnta ; oidhreacht tionsclaíoch ; gníomhaíocht eacnamaíochta ; nascanna mara ; imirce nó oidhreacht soisialta agus cultúrtha.

Treoirlínte Ginearálta

1. Foirm Chláraithe in éineacht leis an tionscnamh a bheith curtha isteach roimh 23 ú Márta 2018, go dtí: ***Cumann Staire Dhún na nGall,Comórtas Scoileanna 2018, f/c Iarsmalann Chondae Dhún na nGall, Bóthar Ard, Leitir Ceanainn, Co. Dhún na nGall.***
2. Cóip crua (MSWord), cur–i-láthair méid A4 Times New Roman, 12pt cló, dé-spású, dúch dubh.
3. Gach comhfreagairt e-phost chuig dhsschoolscompetition2018@gmail.com le hainm na scoile agus teideal an tionscnamh in "Ábhar" barra.
4. Comórtas foscailte do Scoileanna Dhún na nGall amháin.

Leagan Amach.

- Don Iontráil grúpa (10 ndalta ar a laghad-caithfear ainmneacha na ndaltaí agus ranganna a thabhairt): méid focal: 2,000 - 4,000.

- Don Iontráil Dalta Aonair: méid focal: 1,000 - 2,000.
- Le gach iontráil bíodh liosta foinsí agus leabharliosta.
- Glacfar go fonnmhar le fiosrú ar fhoinsí bunaidh agus taighde réimse.
- Is féidir iontráil a bheith i nGaeilge nó i mBéarla.

Sprioc dháta iontrála Aoine 23 ú Márta 2018. Ní ghlacfar le hiontráil indiaidh an dáta seo.

Measúnú

- Déanfar measúnú faoi phainéal moltóirí tofa ag Coisde Feidhmeannach Chumann Staire Chondae Dhún na nGall.
- Critéar Measúnaithe na Moltóirí.

*Taighde stairiúil ag baint leis an ábhar. (40%)

*Cruthú ar fhiosrú foinsí bunaidh agus taighde réimse. (20%)

*Cur chuige samhlaíoch agus cruthaítheach. (15%)

*Tuairim iomlán (5%)

* Ní féidir dul thar chinneadh phainéal moltóirí Chumann Staire Chondae Dhún na nGall.

Searmanas Bronnta Duaiseanna

Beidh searmanas bronnta Chomórtas Scoileanna Chumann Staire Chondae Dhún na nGall in Óstán Jackson, Baile Átha Féich, ar an Chéadaoin **16ú Bealtaine 2018** ag 7.30 pm. Ba chóir ionadaithe ó gach scoil/iontráil a bheith i láthair

Duaiseanna:

Ag an searmanas bronnta beidh:

Corn Harley Mc Donagh: Iontráil is Fearr. Rang Bunscoile

Tá an duais seo ainmnithe in onóir do Hugh Harley, duine de na chéad bronntóirí do Chomórtas Scoile Chumann Staire Dhún na nGall agus iar-airgeadaí Wall Street, agus do J.C.T. McDonagh a bhí ina Uachtarán ar Chumann Staire Chondae Dhún na nGall ó 1958-1959,

Corn Cuimhneacháin Athair Jackie Fitzgerald: Iontráil is Fearr Rang Meánscoile.
Tá an duais seo ainmnithe in onóir don Athair Jackie Fitzgerald as Inis Eoghain a bhí ina staraí, údar agus ball de Chumann Staire Chondae Dhún na nGall.

Duais Emerson: Iontráil is Fearr Dalta Bunscoile.
Tá an duais seo ainmnithe do Lucius agus Kathleen Emerson. Bhí Lucius in bhall/ bhunaitheoir de Chumann Staire Chondae Dhún na nGall i 1946 agus bhí sé i bhfeighil iarsmalann Chumann Staire Chondae Dhún na nGall ó 1946-2005. Bhí Kathleen Emerson mar Rúnaí Oinigh ar Cchumann Staire Chondae Dhún na nGall ó 1960-2004.

Corn Donald Mac Lochlainn: Iontráil is Fearr Dalta Meánscoile.
Seo duais in onóir do Donald Mac Lochlainn a bhí ina chara saoil ag Cumann Staire Chondae Dhún na nGall agus bhí a athair ina Uachtarán ar Chumann Staire Chondae Dhún na nGall i 1950.

Cumann Staire Chondae Dhún na nGall
Bunaíodh Cumann Staire Chondae Dhún na nGall ar an 20ú de Mhí na Nollag 1946. B'é an cuspóir ná caomhnú agus taifead a dhéanamh ar Stair Chondae Dhún na nGall. Le linn gach bliain foilsíonn Cumann Staire Chondae Dhún na nGall Bliainiris Dhún na nGall, reactáileann siad turasanna faoin aer, turas bus, roinnt léachtaí agus imeachtaí eile comh maith le Comórtas Scoile. Tá muid ag moladh do dhaltaí clárú mar bhaill den Chumann Staire agus sé'n déa-scéala do dhaltaí nach bhfuil ach 5 Euro ar chostas ballraíochta. Le blianta anuas. Bhí an Cumann freagrach as tús a chur le Cónascadh Staidéar Áitiúil Uladh agus iarsmalann a bhunú. Tuilleadh eolais fá Chumann Staire Chondae Dhúnn na nGall le fáil ar "www.facebook.com/donegalhistorical"

Go néirí libhse atá ag cur isteach ar an chomórtas, Bainigí sult as an ransú.